

Mairg chaitheas dlús re dhalta

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlum Dána*, Dublin, 1938, poem 104]

Maolmhuire Mac Craith .cct.

1 Mairg chaitheas dlús re dhalta
más fhíor d'éis a dheaghsgagtha;
bheith dar ndaltai-ne ag dréim rinn
céim fa lagfaidhe ar luaighill.

2 Ceard Ghofradha as ghlan cridhe
ag cumhdach ar gceirdei-ne;
maith bláth a oideachta air
do b'fháth coigealta ar chiontaibh.

3 Ní [rinn] bheireas a buidhe
gloine ghréasa ar ndaltai-ne;
mallacht gach dhalta uadh air
snuadh a nglanta ar a ghréasaibh.

4 Adhnadh orm do b'fheidhm deacrach
dom charaid dom choimhleabthach;
doidhéinmhe cion - budh cion dúin -
dom fhior choimhéisme is chaomhrúin.

5 Má tá díoghrais an dalta
ar tí cor re a chomhulta
'n-a fhior chonganta is cáir damh
náir do bhronndalta ar mbráthar.

6 Bheith d'Ua Dhálaigh ag dréim ruinn
d'éis a oileamhna aguinn
mar shaoilim a theacht tiocfa;
maoidhim neart is neimhchionta.

7 Ionann dúinn gliocas is gaois
ionann leabhair do léaghmaois
'gun mhóroide do mhún sinn;
córaide cún rér gcointinn.

8 Cia an compánach nó an cara
as iontaoibh d'éis Ghofradha?
do léig 'n-ar n-ucht a aithne;
do thréig lucht a leasaighthe.

9 Má do gheall gabháil rem throid
- deacair cointinn re caroid -
dá ghealladh is docar dul

tar focal teangadh thuathadh

10 Sgéal beag leam a los Ghofraídh
dá leanatar dá labharthaibh;
is ar an dTánaigh táir sain
caír d'Ua Dhálaigh a dhéachain.

11 Tionólais Meadhbh - meabhair leam -
ceithre hollchóigidh Éireann
i ndeoidh na tárna ó dtighibh;
sgeoil a hádha uaislighidh.

12 I nUltaibh go n-iomad fear
nocha gcuala ón cheas naoidhean
re hucht bhféinneadh mear Meadhbhá
fear acht éinfhear infheadhma.

13 Fir Éireann ó Mheidhbh a-mach
Cú Chuluinn a hucht Ultach
buaidh a gcéimeann ag an gCoin
is sluaigh Éireann 'n-a fhochair.

14 Cú Chuluinn an chrotha bhuig
níor fhágaibh áth an chomhraig
gan éacht gach aonlá uadh air
do shluagh na caomhmná a Cruachain.

15 Ní fhuair fa dheoidh - deimhin leam -
Meadhbh ar ngríosadh fhear nÉireann
neach sa bheirn ar bhéal an fhir
- sgéal ag Meidhbh ar a muinntir.

16 Cuiris fios uaithe ar Fhear Diadh
Meadhbh Chruachan na gcreach n-imchian
tugadh gin go ndearna ar dhiligh
go pubal Meadhbhá an mílidh.

17 Gealltar lé a lán do shocchar
d'Fhear Diadh ar a dheonochadh
dul san áth ar Choin gCuluinn;
ag soin fáth ar n-uraghuiill.

18 Geallais Fhionnabhair fhuair bloidh
d'Fhior Diadh ar dhruim gach sochair;
do ba searbh leis ar labhair
Meadhbh go feis le Fionnabhair.

19 Dá ngealladh Eirinn d'Fhior Diadh
ní mheasaim ná budh míchiali

ar chosg bhfeadhma chliathcha an Chon
briathra Meadbha dá mhealladh.

20 Inntleacht Meadbha Mhuighe an Sgáil
meallaíse mac díomsach Damháin
do léim a chomhalta Con;
céim as rodhocra rugadh.

21 Fear Diadh agus Cú Chuluinn
lucht aonfheadhma is aonfhuluing,
lucht aonlúidh i ngurt ghaisgidh,
lucht aonrúin is aonaisdir.

22 Ionnsaighis áth an chomhraig
Fear Diadh go ndlús iomfhormaid;
sé 'n-a chlú mheabhla mairidh
Cú na hEamhna d'ionnsaighidh.

23 Caithid ainn-séin rer-oile
rinn a n-áigh 's a n-iorghoile,
diamhair a gcéimeann 's a gcleas;
d'fhianaibh Éireann do b'áineas.

24 Cú Chuluinn do chardaois mná
do choigil-sean an chéadlá;
Fear Diadh ní choigleadh an gCoin;
ciall 'n-a gcoigleadh níor chosmhoil.

25 An ga bulga nó gur bhuing
i bhFear Diadh ó Choin Chuluinn
troid bheo fa comhthroime cor
gleo na conchloinne curadh.

26 An ga bulga ag Coin Chuluinn
iomarcaidh narbh ionfhuluing;
Fear Diadh níor chlisde ar an gcleas,
cisde ris nar chiall coimmeas.

27 Rug Dia breith i na bhreith chóir;
tuitis mac díomsach Damhóin
mar fhuair sé an géargha dá ghoin,
is téarna an té le dtorchair.

28 Mar do chuaidh d'Fhior Diadh a dhruim
re comhaltas Chon Culuinn
guais liom a dhul d'Ua Dhálaigh
cur i gcionn a chompánaigh. Mairg.